Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2022
(OR. en, fr)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0171(COD)**

**9433/22**
**ADD 1**

**CONSOM 130**
**MI 422**
**COMPET 398**
**EF 146**
**ECOFIN 501**
**DIGIT 105**
**CODEC 784**
**CYBER 190**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creidmheasanna tomhaltóirí<br>*Cur chuige ginearálta*<br>*- Ráiteas comhpháirteach ón Eastóin agus ón Liotuáin* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas comhpháirteach ón Eastóin agus ón Liotuáin faoin togra maidir le creidmheasanna tomhaltóirí.

**Ráiteas ón Eastóin agus ón Liotuáin le cur le miontuairiscí COREPER agus na Comhairle Iomaíochais i ndáil leis an Treoir maidir le Creidmheasanna Tomhaltóirí**

Is díol sásaimh don Eastóin agus don Liotuáin príomhchuspóir an togra ón gCoimisiún rialacha creidmheasa do thomhaltóirí a nuachóiriú agus a neartú chun freastal ar na hathruithe a tháinig chun cinn leis an digitiú agus ag an am céanna ardleibhéal cosanta tomhaltóirí a chruthú agus cuidiú le feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh. Chuige sin áfach, ba cheart féachaint le cothromaíocht réasúnta a bhaint amach lena seachnaítear, i measc nithe eile, ualach neamhriachtanach ar thrádálaithe agus cur isteach díréireach ar na margaí sin atá ag feidhmiú go maith.

Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh dúinn an téacs comhréitigh críochnaitheach ó Uachtaránacht na Fraince, ó tá go leor gnéithe ann a chuireann na prionsabail bhunúsacha sin san áireamh. Mar sin féin, bhíomar i bhfábhar, ón tús, creidmheasanna saor ó ús agus gan aon mhuirir eile a eisiamh ó raon feidhme na Treorach mar atá faoi láthair. Bheadh ualach díréireach, dar linne, ar na trádálaithe agus ar na húdaráis mhaoirseachta dá gcumhdófaí na cineálacha sin creidmheasa, agus d'fhéadfadh sé go gceilfí tairiscintí ar thomhaltóirí a rachadh chun tairbhe dóibh. Cé gurbh fhearr linn cur chuige níos uaillmhianaí ina leith sin, féadfaimid tacú leis an téacs, a fhágfaidh go bhféadfar córas comhréireach agus eisiaimh áirithe spriocdhírithe a chur i bhfeidhm maidir le creidmheasanna den chineál sin.

Dá bhrí sin, molaimid go gcaomhnófaí an chothromaíocht íogair atá bainte amach againn agus go mbreathnófaí ar na hargóintí thuasluaite le linn na caibidlíochta atá le teacht le Parlaimint na hEorpa.